

**COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–**

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)**

AD 86/26

LIMITE

CONF-ME 37

DOICIMÉAD AONTACHAIS

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Caibidil 17: Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

Caibidil chaibidlíochta 17: Beartas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhorhluáintear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;
- na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus a thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, ina sheasamh caibidlíochta AD 21/17 CONF-ME 8 + ADD 1 agus san aguisín AD 64/26 CONF-ME 28, an *acquis* faoi Chaibidil 17 mar atá i bhfeidhm ón 28 Lúnasa 2026, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Beartas Airgeadaíochta

Aithníonn an tAontas an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Montainéagró maidir lena reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais chun neamhspleáchas feidhmiúil, institiúideach, pearsanta agus airgeadais an Bhainc Ceannais a áirithiú.

Tugann an tAontas dá aire go n-áirithítear agus go gcuirtear chun feidhme leis an Dlí maidir le Banc Ceannais Mhontainéagró (CBM) gach ceann de cheithre phrionsabal neamhspleáchas an bhainc ceannais (neamhspleáchas feidhmiúil, institiúideach, pearsanta agus airgeadais) i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE). Sainmhínítear príomhchuspóir CBM go sainráite sa Dlí mar chobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun. Gan dochar don phríomh-shainordú sin, tacaíonn CBM le beartais eacnamaíocha an Aontais freisin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfeidhmíonn CBM go neamhspleách agus a chuspóirí á saothrú aige, agus go dtoirmiscear leis an Dlí aon tionchar seachtrach, lena n-áirítear tionchar ó chomhlachtaí rialtais nó ó eintitis eile, ar a phróisis chinnteoireachta agus ar a chomhlachtaí cinnteoireachta. Baineann an prionsabal sin le cinntí CBM nach féidir le húdaráis sheachtracha a fhormheas, a neamhniú, a chur ar ceal ná a athrú ar aon bhealach eile, ach amháin trí athbhreithniú breithiúnach.

Tugann an tAontas dá aire go mbunaítear leis an Dlí maidir le CBM téarma sé bliana don Ghobharnóir, do na Leas-Ghobharnóirí, agus do chomhaltaí eile den Chomhairle, le coimircí láidre i gcoinne a mbriste threallaigh, ós rud é go bhfuil na coinníollacha maidir le cur as oifig ailínithe go hiomlán le Reacht CEBC/BCE. Tugann an tAontas dá aire freisin go sainítear sa Dlí freisin critéir incháilitheachta, rialacha neamh-chomhoiriúnachta, agus srianta fostaíochta iarthearma chun aon choinbhleacht leasa a chosc.

Maidir leis an neamhspleáchas airgeadais, tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Dlí maidir le CBM ailínithe le Reacht CEBC agus BCE. Tugann an tAontas dá aire freisin go ngineann CBM a ioncam féin go neamhspleách, go nglacann sé a phlean airgeadais, a ráitis bhliantúla, go gcinneann sé brabús agus caillteanais agus dáileadh brabús de réir an Dlí maidir le CBM. Tá sásraí iniúchóireachta i bhfeidhm ag CBM, lena n-áirítear trí iniúcháir seachtrach neamhspleách a cheapadh. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh na coimircí sin le hinbhuanaitheacht airgeadais agus neamhspleáchas oibríochtúil CBM agus go gcosnófar CBM ar thionchar polaitiúil. Chun neamhspleáchas airgeadais CBM a chaomhnú, tá sé tábhachtach go seasfaidh rialtas Mhontainéagró leis an gcomhaontú ar thángthas air le CBM maidir le táillí seirbhíse, ar foinse thábhachtach ioncaim iad a chuireann le neamhspleáchas airgeadais agus neamhspleáchas oibríochtúil CBM.

Is díol sásaimh don Aontas an leasú ar Airteagal 143 de Bhunreacht Mhontainéagró, a glacadh an 24 Lúnasa 2026, lena dtreisítear neamhspleáchas feidhmiúil an bhainc ceannais a thuilleadh.

Tugann an tAontas dá aire go gcuireann creat dlíthiúil Mhontainéagró toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta na hearnála poiblí agus go bhfuil sé ailínithe le hAirteagal 123 CFAE agus le Reacht CEBC/BCE.

Tugann an tAontas dá aire freisin gur tugadh aghaidh i sraith leasuithe dlíthiúla ar, *inter alia*, an reachtaíocht earnála maidir le hinstitiúidí creidmheasa, cistí pinsin, cosaint taiscí agus árachas ar shaincheist an toirmisc ar rochtain phribhléideach a bheith ag údaráis phoiblí ar institiúidí airgeadais, mar a cheanglaítear le hAirteagal 124 CFAE. Tugann an tAontas dá aire go bhforálfar leis na leasuithe sin, is infheidhme tráth an aontachais, do chomhlíonadh iomlán *acquis* an Aontais sa réimse sin.

Leagann an tAontas béim ar a rithábhachtaí atá sé go gcaomhnódh Montainéagró neamhspleáchas CBM agus go gcosnódh sé é ar thionchar polaitiúil míchuí, go háirithe trí chloí go hiomlán leis an Dlí maidir le Banc Ceannais Mhontainéagró agus le reachtaíocht ábhartha eile agus trína chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Montainéagró maidir lena bhanc ceannais a chomhtháthú in CEBC, go bhfuil treochlár comhtháthúcháin forbartha aige agus go leanann sé de na cumais riaracháin, theicniúla agus oibríochtúla is gá a neartú chun cúraimí a bhaineann le CEBC a chomhlíonadh tráth an aontachais.

Creat glactha euro CFAE a chur i bhfeidhm maidir le Montainéagró

Chuir an tAontas i bhfios go láidir arís agus arís eile go bhfuil euroú aontaobhach gheilleagar Mhontainéagró ag teacht salach ar bhunreásúnaíocht CFAE, lena soláthraítear conair institiúideach shoiléir i dtreo an euro a ghlacadh. Chun an euro a ghlacadh, ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe a bhaint amach, rud a thomhaistear trí cheithre chritéir um chóineasú ainmniúil a chomhlíonadh (cobhsaíocht praghsanna, inbhuanaitheacht fhioscach, ráta malairte agus ráta úis fadtéarmach) agus tosca eile atá ábhartha maidir le comhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch á gcur san áireamh ag an am céanna, mar a leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE agus i bPrótacal (Uimh. 13) maidir leis na critéir um chóineasú.

Meabhraítear don Aontas an seasamh ginearálta don Chomhdháil Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2), inar luadh go raibh an úsáid a bheith á baint ag Montainéagró as an euro, a chinn údarais Mhontainéagró in imthosca eisceachtúla, go hiomlán éagsúil ón mballraíocht sa limistéar euro agus gur ghá aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin le linn na caibidlíochta. Luaigh sé freisin go mbeadh Montainéagró rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ón aontachas mar Bhallstát a bhfuil maolú aige agus gur cheart dó dul isteach sa limistéar euro, tar éis cinneadh ón gComhairle chuige sin, ar bhonn meastóireacht ar na coinníollacha riachtanacha a bheith á gcomhlíonadh aige.

Meabhraítear don Aontas freisin Comhsheasamh an Aontais maidir le caibidil 17 (AD 4/18 CONF-ME 2), inar sonraíodh go gcinneadh an tAontas conas creat an Aontais a chur i bhfeidhm chun an euro a ghlacadh sula ndúnfaí an chaibidil sin go sealadach. Mar thoradh air sin, d'fhorbair an tAontas réiteach lena dtugtar aghaidh ar staid eisceachtúil Mhontainéagró agus chuir sé faoi bhráid Mhontainéagró é agus lena n-áirithítear go mbeidh an measúnú cóineasaithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le Montainéagró coibhéiseach, i dtéarmaí eacnamaíocha, leis an measúnú a chuirtear i bhfeidhm maidir le Ballstáit eile agus lena gceadaítear measúnú cuí ar chomhlíonadh Mhontainéagró leis an ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe a cheanglaítear le hAirteagal 140 CFAE.

Aithníonn an tAontas gur ghlac Montainéagró go foirmiúil leis an réiteach atá beartaithe don chreat coigeartaithe measúnaithe cóineasaithe maidir le glacadh an euro agus gur chomhlíon sé an cúigiú tagarmharc a leagtar síos i gComhsheasamh AD 4/18 CONF-ME 2 ón Aontas.

Beidh an creat coigeartaithe um measúnú ar chóineasú do Mhontainéagró ina chuid den Chonradh Aontachais.

Beartas Eacnamaíoch

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Montainéagró maidir le hullmhú do chomhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais i gcomhréir le CFAE. Is díol sásaimh don Aontas an gharsprioc chriticiúil a baineadh amach maidir le hailíniú staidrimh le ceanglais Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta agus Réigiúnach 2010 (CEC 2010), go háirithe maidir le tíolacadh sonraí, táblaí agus fardal Staidrimh Airgeadais Rialtais (SAR) agus an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP), rud atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar bhuiséid náisiúnta faoi Airteagal 126 CFAE. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró tuilleadh ailínithe a dhéanamh le ceanglais staidrimh agus trédhearcachta le haghaidh na gcreataí buiséadacha náisiúnta agus tugann sé dá aire gealltanais Mhontainéagró ina leith sin faoi Chaibidil 18 (Staidreamh) den chaibidlíocht aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró ailínithe den chuid is mó le Treoir 2011/85/AE tríd an Dlí maidir le Buiséad agus Freagracht Fhioscach a ghlacadh an 24 Lúnasa. Cumhdaítear leis an Dlí na príomhghnéithe a cheanglaítear le rialacha an Aontais maidir le creataí buiséadacha, lena n-áirítear rialacha fioscacha, Creat Buiséadach Meántéarmach, pleanáil agus forghníomhú buiséid níos láidre, buiséadú feidhmíochta, bainistiú fiachais phoiblí, faireachán ar riosca fioscach, agus Comhairle Fhioscach neamhspleách a bhunú.

Is díol sásaimh don Aontas gur ceapadh comhaltaí uile na Comhairle Fioscaí an 31 Iúil 2026 ach iarrann sé ar Mhontainéagró dlús a chur le hoibríochtú na comhairle, ar gá di tús a chur le tuairimí neamhspleácha saineolacha a chur ar fáil maidir le pleananna buiséadacha an rialtais i bhfad roimh dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire freisin go leanann Montainéagró de bheith rannpháirteach san Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais bliantúil idir an tAontas agus Comhpháirtithe Réigiúnacha (an Clár um Athchóiriú Eacnamaíoch) agus go ngeallann sé go rialta an treoir bhliantúil bheartais a chur chun feidhme. Feidhmíonn an Clár um Athchóiriú Eacnamaíoch mar shásra lárnach don phleanáil mhaicreacnamaíoch agus fhioscach, lena n-áirithítear ailíniú le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá i gcónaí iarrachtaí leanúnacha agus athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme go marthanach — go háirithe na hathchóirithe sin ar tugadh tosaíocht dóibh sa tuarascáil tíre a ghabhann leis an Teachtaireacht bhliantúil maidir le beartas an Aontais um méadú, sa Chlár Oibre Athchóirithe faoin bPlean Fáis do na Balcáin Thiar agus san Idirphlé Bliantúil Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus Comhpháirtithe Réigiúnacha — chun cumas Mhontainéagró chun feidhmiú mar gheilleagar margaidh a chothabháil agus a neartú a thuilleadh agus chun acmhainneacht iomaíoch Mhontainéagró laistigh den Aontas a chosaint tráth an aontachais.

* * *

I bhfianaise na mbreithnithe a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird ar leith ar an bhfaireachán ar na saincheistanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn cumas riaracháin Mhontainéagró a áirithiú, agus a áirithiú go mbeidh sé de chumas Mhontainéagró an *acquis* sa chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear cumas neartaithe chun feidhmiú mar gheilleagar margaidh, agus go dtabharfar an t-ailíniú reachtach i gcrích. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme i ngach réimse. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis* agus lena chumas riaracháin a neartú.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, ina sheasamh caibidlíochta AD 21/17 CONF-ME 8 + ADD 1 agus san aguisín AD 64/26 CONF-ME 28, leis an *acquis* faoi Chaibidil 17 mar atá i bhfeidhm ón 28 Lúnasa 2026.

Aithníonn an tAontas go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 28 Lúnasa 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

**DRÉACHT - LEASUITHE DLÍTHIÚLA A
EASCRAÍONN AS AN NÓS IMEACHTA
DÍLÁRAITHE**

CUID [XX]

PRIONSABAIL

Airteagal [X]

Beidh Montainéagró rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát a bhfuil maolú aige de réir bhrí Airteagal 139 CFAE.

- Gan dochar do mhír 1, ar aontachas don Aontas dó, údarófar do Mhontainéagró, ar bhonn eisceachtúil, leanúint den euro a úsáid mar dhlíthairiscint aonair, de bhun a dhlí náisiúnta.
- Ní bheidh an euro ina dhlíthairiscint i Montainéagró de bhun dhlí an Aontais go dtí go n-aisghairfear an maolú, i gcomhréir le hAirteagal 140(2) CFAE.
- Go dtí go n-aisghairfear an maolú, ní thabharfaidh an euro a bheith á úsáid ag Montainéagró aon cheann de na cearta ná na hoibleagáidí dó a eascraíonn as stádas Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige.
- I bhfianaise imthosca eisceachtúla Mhontainéagró, déanfar na ceanglais a leagtar amach sa tríú agus sa cheathrú fleasc den chéad fhomhír d'Airteagal 140(1) CFAE agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 de Phrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí a choigeartú de réir mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. [xx].

Prótacal Uimh. [xx] maidir le coigeartuithe áirithe ar an gcreat measúnaithe cóineasaithe do Mhontainéagró [le cur i gceangal leis an gConradh Aontachais]

Aithrisí:

Tá údar leis an euro a bheith á úsáid ag Montainéagró mar gheall ar imthosca stairiúla eisceachtúla.

Tar éis hipearbhoilsciú tar éis na gcogaí sna 1990í, thosaigh Montainéagró ag úsáid Deutsche Mark na Gearmáine de facto sna 1990í. Chun a gheilleagar a chobhsú, thosaigh Montainéagró go hoifigiúil ar Deutsche Mark a úsáid mar dhlíthairiscint in 1999, i gcomhthráth le Dinar na hIúgslaive, agus faoi 2000, ba é an t-aon dlíthairiscint a bhí ag Montainéagró. Ní raibh aon chomhaontú ann le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine lena rialaítear an úsáid a bhaineann Montainéagró as an Deutsche Mark. I mí an Mhárta 2002, tar éis do nótaí bainc agus boinn euro teacht i gcúrsaíocht sa limistéar euro, chuir Montainéagró an euro in ionad an Deutsche Mark mar an t-aon dlíthairiscint a bhí aige. Ar an gcaoi chéanna, níl aon chomhaontú ann leis an Aontas Eorpach lena rialaítear an úsáid a bhaineann Montainéagró as an euro.

- I mí Dheireadh Fómhair 2007, chuir an Chomhairle in iúl go raibh an t-airgeadra aontaobhach ar neamhréir leis na Conarthaí, lena bhforáiltear go nglacfar an euro mar thoradh ar phróiseas cóineasaithe struchtúrtha iltaobhach agus go ndéanfaí impleachtaí na gConarthaí do chóras airgeadaíochta Mhontainéagró a mhionsonrú in am trátha, ar a dhéanaí le linn aon chaibidlíochta aontachais leis an Aontas Eorpach a bheidh ann amach anseo.
- Cruthaíonn an euro a bheith á úsáid ag Montainéagró deacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm dhá cheann de na ceithre chritéar um chóineasú dá bhforáiltear in Airteagal 140(1) CFAE agus a shonraítear tuilleadh i bPrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí,¹ eadhon an ráta malairte agus, ar bhonn níos lú, na critéir maidir le ráta úis fadtéarmach. Laghdaíonn sé sin a n-ábharthacht eacnamaíoch iarbhir chun measúnú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le hardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe mar a leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE.

¹ Prótacal (Uimh. 13) maidir leis na critéir um chóineasú (IO C 202, 7.6.2016, lgh. 281-282, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2016/pro_13/oj)

- I bhfianaise úsáid an euro i Montainéagró, ní féidir na critéir maidir leis an ráta malairte agus na critéir maidir le ráta úis fadtéarmach a úsáid ina n-iomláine mar thástáil mhargaidh ar na rioscaí don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais, mar a bheartaítear le hAirteagal 140(1) CFAE agus le Prótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí. Go háirithe, deacracht chriticiúil don mheasúnú is ea an tástáil ar an easpa géartheannais sa ráta malairte, rud nach bhfuil infheidhme nuair nach bhfuil aon ráta malairte ann. Dá bhrí sin, ós rud é nach féidir úsáid shubstainteach a bhaint as an gcritéar maidir le ráta malairte, agus go bhfuil lagú á dhéanamh ar a úsáidí atá an critéar maidir le ráta úis fadtéarmach, ba cheart mionscrúdú ar ‘thosca eile’ atá ábhartha don chomhtháthú eacnamaíoch agus don chóineasú eacnamaíoch, mar a luaitear san fhomhír dheireanach d’Airteagal 140(1) CFAE, a chur in ionad an chritéir maidir le ráta malairte agus ba cheart dó an critéar maidir le ráta úis a chomhlánú chun go bhféadfar measúnú cuí a dhéanamh ar an gceanglas maidir le hardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe.
- Tá rogha na dtosca ábhartha eile mar eilimintí athsholáthair agus comhlántacha á treorú ag prionsabal na coibhéise feidhmiúla, agus é mar aidhm leis cúiteamh a dhéanamh as an easpa faisnéise ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe a bhaint amach, faisnéis a sholáthrófaí murach sin trí ghéartheannais sa ráta malairte a léiriú agus trí ráta ard úis fadtéarmach. Ba cheart a áirithiú leis sin freisin go mbeidh an measúnú cóineasaithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le Montainéagró coibhéiseach, i dtéarmaí eacnamaíocha, leis an measúnú a chuirtear i bhfeidhm maidir le Ballstáit eile a bhfuil maolú acu.

- Go háirithe, scrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: (i) staid agus forbairt chomhardú na n-íocaíochtaí (cuntais reatha, caipitil agus airgeadais), lena n-áirítear suíomhanna seachtracha sócmhainní airgeadais agus dliteanas; agus (ii) staid agus forbairt an iomaíochais praghsanna agus costais, ba cheart é a bheith d’aidhm acu leochaileachtaí seachtracha nó inmheánacha a d’fhéadfadh a bheith ann a chinneadh, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le teannas mór sa ráta malairte dá mbeadh a airgeadra féin ag Montainéagró. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag an measúnú sin meastóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht sheasamh seachtrach Mhontainéagró. Ba cheart dó freisin scrúdú a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí inmheánacha a d’fhéadfadh a bheith ann, a bhféadfadh míchothromaíochtaí seachtracha a bheith mar thoradh orthu. I gcomhréir le hAirteagal 140(1) CFAE agus le Prótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí, ba cheart seasamh seachtrach inbhuanaithe a bheith ag Montainéagró le linn dó a bheith rannpháirteach sa sásra ráta malairte (ERM II) ar feadh 2 bhliain as a chéile ar a laghad.
- Ba cheart an anailís ar na gnéithe sin, dá dtagraítear san aithris roimhe seo, a bheith chomh hábhartha céanna chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthú ardleibhéil cóineasaithe inbhuanaithe agus atá ag na critéir eile um chóineasú. D’fhéadfadh measúnú dearfach a bheith mar thoradh ar an anailís, má chomhlíontar na critéir eile freisin agus má bhunaítear ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe, nó d’fhéadfadh measúnú diúltach a bheith mar thoradh uirthi, i gcás rioscaí d’inbhuanaitheacht an tseasaimh sheachtraigh.
- Ba cheart bunphrionsabail mhaicreacnamaíocha Mhontainéagró a chur san áireamh sa mheasúnú agus cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn foinsí cobhsaí cistiúcháin sheachtraigh leis an gcuntas reatha mar a thomhaistear sa chuntas airgeadais iad. Le hanailís chomhlántach ar na suíomhanna seachtracha sócmhainní airgeadais agus dliteanas, ba cheart tomhas a dhéanamh ar neamhchosaint na tíre ar rioscaí a bhaineann le hathruithe a d’fhéadfadh teacht ar mheon infheisteoirí coigríche agus ar na rioscaí gaolmhara a bhaineann le ceartú tobann ar an suíomh seachtrach. Ba cheart go mbreithneofaí san anailís sin freisin miondealú na ndliteanas seachtrach ina n-infheistíocht dhíreach choigríche agus ina bhfiachas. Cé gur cheart praghsanna agus costais a scrúdú mar chuid den chritéar cobhsaíochta praghsanna, ba cheart go gcuideodh anailís ar tháscairí iomaíochais sheachtraigh lena thuiscint an mbaineann rioscaí don fheidhmíocht seachtrach le hathruithe carntha ar phraghsanna agus ar chostais, arna dtomhas, mar shampla, trí ghnóthachain i sciartha den mhargadh onnmhairiúcháin.

- Ba cheart iarracht a dhéanamh san anailís freisin míchothromaíochtaí inmheánacha a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a bhféadfadh coigeartú seachtrach a bheith ag teastáil ina leith mura dtabharfaí aghaidh orthu. Ba cheart a áireamh orthu sin, go háirithe, measúnú ar fhorbairtí i bhféichiúnas teaghlach nó gnólachtaí, agus dinimic an fhiachais agus leibhéal an fhiachais á gcur san áireamh. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an dá ghné sin i bhfianaise bhunphrionsabail mhaicreacnamaíocha na tíre. Ba cheart an anailís ar mhíchothromaíochtaí inmheánacha a d’fhéadfadh a bheith ann a chomhlánú le scrúdú ar leochaileachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann san earnáil airgeadais, ós rud é gur féidir le leochaileachtaí den sórt sin feidhmiú mar mhéadú cumhachtach ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha eile. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh míchothromaíochtaí fíoscacha a bheith ina bhfoinse dhea-dhoiciméadaithe do mhíchothromaíocht sheachtrach, ba cheart a measúnú a ghabháil faoin gcrítéar fíoscach agus, dá bhrí sin, ba cheart é a fhágáil ar lár ón anailís ar ‘thosca eile’.
- Ba cheart an dá ghné den mheasúnú inbhuanaitheachta, idir sheachtrach agus inmheánach, a dhéanamh trí scrúdú a dhéanamh ar raon táscairí. Ba cheart idirghníomhaíochtaí trastoiseacha a chur san áireamh chun foinsí féideartha leochaileachta a shainaithint a d’fhéadfadh a n-éifeachtaí a threisiú go frithpháirteach. Ba cheart don anailís tarraingt go dlúth ar na modhanna agus ar na hionstraimí cainníochtúla a forbraíodh i gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú² agus le Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú³. Ba cheart breithniú a dhéanamh san anailís go háirithe ar thorthaí Grinn-Athbhreithnithe MIP a d’fhéadfadh a bheith ann. I gcomhréir le tuarascálacha roimhe seo maidir le cóineasú, ba cheart cáilíocht institiúideach a chur san áireamh freisin sa mheasúnú ar ‘thosca eile’, i bhfianaise an ról atá aige maidir le hathléimneacht mhaicreacnamaíoch agus cumas coigeartaithe an gheilleagair a mhúnlú.

² Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25) ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj>

³ Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 8–11), ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1174/oj>

- Ba cheart feidhm a bheith ag na critéir um chóineasú maidir le cobhsaíocht praghsanna agus inbhuanaitheacht fhioscach maidir le Montainéagró mar a leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE agus i bPrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthai. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le hAirteagail 130 agus 131 CFAE agus le Reacht CEBC agus BCE maidir le Montainéagró freisin mar a leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE.
- Ina theannta sin, i gcomhréir leis an gcreat atá ann faoi láthair le haghaidh rannpháirtíocht in ERM II, arna leagan amach ag páirtithe ERM II

in 2018 don Bhulgáir agus in 2019 don Chróit, ba cheart do Mhontainéagró agus do pháirtithe ERM II teacht ar chomhaontú maidir le roinnt réamhghealltanais bheartais, a bheidh le cur chun feidhme ag an mBallstát sula rachaidh siad isteach in ERM II, i réimsí beartais atá an-ábhartha d'aistriú rianúil chuig ERM II agus do rannpháirtíocht ann. Ba cheart a áireamh sna réamhghealltanais, ar a laghad, dlúthchomhar leis an Sásra Maoirseachta Aonair, creat macrastuamachta iomchuí agus creat oiriúnach maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

- I gcomhréir le cleachtais roimhe seo, ba cheart do Mhontainéagró tuilleadh gealltanais a thabhairt tráth a rachaidh sé isteach in ERM II ('gealltanais iariontrála') agus é mar aidhm aige ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe a bhaint amach mar a cheanglaítear le hAirteagal 140(1) CFAE.
- Ba cheart a chur san áireamh sna gealltanais roimh ré agus iariontrála, i measc tosca eile, an gá atá le hathchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha agus ar aon dúshlán bhreise a eascraíonn as an euro a thug Montainéagró go haontaobhach roimhe sin.
- Ba cheart do Mhontainéagró na bearta is gá a dhéanamh freisin chun acmhainneachtaí oibríochtúla agus anailíseacha a bhainc ceannais i réimse an bheartais airgeadaíochta a neartú chun rannpháirtíocht éifeachtach bhanc ceannais Mhontainéagró san Eurochóras a áirithiú, ar an maolú a aisghairm.

Airteagal 1

Raon Feidhme

Bunaítear leis an bPrótacal seo creat coigeartaithe um measunú cóineasaithe chun go nglacfaidh Montainéagró an euro de bhun Airteagal 140 CFAE, a mhéid a bhaineann leis an tríú agus an ceathrú fleasc den chéad fhomhír d’Airteagal 140(1) CFAE, mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 3 agus 4 de Phrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí. Ní dhéanfaidh an Prótacal seo difear d’eilimintí na nAirteagal sin nach bhfuil aon choigeartú sa Phrótacal seo ina leith.

Airteagal 2

Cur i bhfeidhm na gCritéar Cóineasaithe

An critéar ráta malairte a leagtar síos sa tríú fleasc den chéad fhomhír d’Airteagal 140(1) CFAE agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí, ní bheidh feidhm aige maidir le Montainéagró mar chritéar eacnamaíoch substainteach agus cuirfear Airteagail 4 go 6 ina ionad.

- An critéar maidir le ráta úis fadtéarmach a leagtar síos sa cheathrú fleasc den chéad fhomhír d’Airteagal 140(1) CFAE agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 4 de Phrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí, leanfaidh sé d’fheidhm a bheith aige maidir le Montainéagró, arna chomhlánú le hAirteagail 4 go 6.

Airteagal 3

Rannpháirtíocht in ERM II

D’ainneoin Airteagal 2(1), déanfaidh Montainéagró iarratas ar rannpháirtíocht sa sásra ráta malairte (ERM II) dá bhforáiltear sa tríú fleasc den chéad fhomhír d’Airteagal 140(1) CFAE.

- Beidh Montainéagró rannpháirteach in ERM II ar feadh 2 bhliain as a chéile ar a laghad sula nglacfar measúnú dearfach ar chóineasú de bhun Airteagal 140 CFAE agus Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 13) a ghabhann leis na Conarthaí.
- Beidh seasamh seachtrach inbhuanaithe ag Montainéagró le linn dó a bheith rannpháirteach in ERM II ar feadh tréimhse dhá bhliain as a chéile ar a laghad.
- Sula nglacfaidh siad páirt in ERM II, tiocfaidh Montainéagró agus páirtithe ERM II ar chomhaontú maidir le roinnt réamhghealltanais bheartais a bheidh le cur chun feidhme ag Montainéagró sula rachaidh siad isteach in ERM II. Tabharfaidh Montainéagró gealltanais bhreise freisin tráth a rachaidh sé isteach in ERM II (gealltanais iariontrála).

Airteagal 4

Fachtóirí Ábhartha Eile

D'fhonn a mheas an bhfuil ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe bainte amach ag Montainéagró, cuirfear tábhacht ar leith leis an scrúdú ar na tosca ábhartha eile dá dtagraítear san fhomhír dheireanach d'Airteagal 140(1) CFAE.

Airteagal 5

Measúnú Inbhuanaitheachta Seachtrach

Áireofar sa scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 4, go háirithe, measúnú ar an méid seo a leanas:

- (i) staid agus forbairt chomhardú na n-íocaíochtaí (cuntais reatha, caipitil agus airgeadais), lena n-áirítear suíomhanna seachtracha sócmhainní airgeadais agus dliteanais; agus
- (ii) staid agus forbairt an iomaíochais ó thaobh praghsanna agus costais de.

1. Cinnfear leis an scrúdú an ann do mhíchothromaíochtaí seachtracha nó inmheánacha a d'fhéadfadh a bheith ann, a bhféadfadh teannas tromchúiseach sa ráta malairte a bheith mar thoradh orthu dá mbeadh a airgeadra féin ag Montainéagró, agus inbhuanaitheacht an tseasaimh sheachtraigh.
2. D'fhéadfadh sé go mbainfí de thátal as rioscaí d'inbhuanaitheacht an tseasaimh sheachtraigh nár baineadh amach ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe.

Airteagal 6

Éagothroime Inmheánach agus an Earnáil Airgeadais

Chun críocha Airteagal 5(2), áirítear an méid seo a leanas sa mheasúnú ar mhíchothromaíochtaí inmheánacha a d'fhéadfadh a bheith ann, a bhféadfadh míchothromaíochtaí seachtracha a bheith mar thoradh orthu:

- (i) forbairtí i bhféichiúnas teaghlaigh agus corparáideach;
- (ii) leochaileachtaí san earnáil airgeadais.

Airteagal 7

Acmhainneacht an Bhainc Ceannais

Déanfaidh Montainéagró na bearta is gá chun acmhainneachtaí oibríochtúla agus anailíseacha a bhainc cheannais a neartú i réimse an bheartais airgeadaíochta.

Áiritheofar leis na bearta sin rannpháirtíocht éifeachtach bhanc ceannais Mhontainéagró san Eurochóras ar an maolú a aisghairm.